Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14752/23

LIMITE

COEST 580
POLCOM 257

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála agus sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéimeanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis<br>- Glacadh |

1. An 7 Iúil 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéimeanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis (12111/23 COEST 465 POLCOM 171 + ADD 1-4).

2. An 18 Meán Fómhair 2023, bhreithnigh an Mheitheal um Oirthear na hEorpa agus an Áise Láir an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin sa Choiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an 4 Deireadh Fómhair 2023. An 9 Deireadh Fómhair 2023, tháinig an Mheitheal um Oirthear na hEorpa agus an Áise Láir ar chomhaontú maidir leis an togra.

3. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14010/23 + ADD 1-4 é, a ghlacadh;

– a chomhaontú go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 14010/23 é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(a) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle;

– cinneadh a dhéanamh go n-ordófar go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na Cinntí ón gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála agus ón gComhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a mhéid a bhaineann leis an measúnú dearfach ar chur chun feidhme chéimeanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn XXI-A a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus an rochtain ar an margadh atá nasctha leis, mar a leagtar amach in 14010/23 ADD 1, 14010/23 ADD 2, ST 14010/23 ADD 3, agus in 14010/23 ADD 4 iad, a luaithe a ghlacfar iad;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le Airteagal 218(10) CFAE, agus go dtarchuirfear an Cinneadh chuig an bParlaimint.

PUBLIC